



Athbhreithniú ar an mBord Pleanála

14 Márta, 2016 - Fáiltíonn an Bord Pleanála roimh Athbhreithniú ar an eagraíocht, a choimisiúnaigh an tAire Comhshaoil, Mr Alan Kelly, TD i Lúnasa 2015, agus a foilsíodh inniu an (14 Márta, 2016).

Dúirt an Dr. Mary Kelly, Cathaoirleach an Bhoird Phleanála inniu, “Beidh tamall ag teastáil ón mBord Pleanála chun a bhfuil sa tuarascáil agus a mholtaí a chíoradh. Bhí mórchuid rudaí dearfacha le rá ag an nGrúpa Athbhreithniúcháin i dtaobh an Bhoird Phleanála ach aibhsíodh, leis, roinnt áiteanna ina moltar athrú a dhéanamh. I dteannta moltaí maidir le hoibriú an Bhoird Phleanála, molann an tAthbhreithniú simpliú a dhéanamh ar chorp casta na reachtaíochta pleanála a rialaíonn an córas pleanála in Éirinn.

Is dóigh linn go bhfuil an méid atá le rá ag an nGrúpa Athbhreithniúcháin an-chuiditheach ar fad agus tabharfaimid aird air. Tar éis a gcuid comhairle a phlé, seolfaimid ár bhfreagra chuig an Aire mar aon le plean feidhmiúcháin ina leagfar amach an tslí ina mbeartaímid an eagraíocht a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad chéim forbartha eile.

Admhaíonn an Bord an obair dhúthrachtach a rinne an Ghrúpa Athbhreithniúcháin, faoi cheannas Gregory Jones, QC, chun taighde, comhairliúchán agus cinntí a dhéanamh ar lear mór ábhar laistigh d’achar gearr.

Tá 40 bliain ann, nach mór, ó bunaíodh an Bord Pleanála agus tá ardmheas air i gcónaí as a ionraice agus a neamhspleáiche atá sé agus as cáilíocht na gcinntí pleanála atá déanta aige sa tréimhse sin.

Tá sé in am trátha athbhreithniú a dhéanamh ar an mBord Pleanála de bhrí go bhfuil an Bord ag cur cleachtais na heagraíochta in oiriúint d’athruithe na ré digití agus ag déanamh athrú ó bhun ar a chórais TFC ar mhaithe le comhéadan nua-aimseartha a chur ar fáil d’iarratasóirí, d’achomharcóirí, do gheallsealbhóirí agus dá fhoireann féin.

Uair amháin eile, táimid fíorbhuíoch den Ghrúpa Athbhreithniúcháin agus dóibh siúd ar fad a ghlac páirt sa chomhairliúchán poiblí.

Tá an tAthbhreithniú ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ag www.environ.ie